



### P01 - COMHORDÚ

STIURTHÓIR: ISCIII, COMHSTIURTHÓIR: MSSSI

Freagrach as feidhmiú agus bainistíú JA-CHRODIS ó lá go lá agus déanfar an Bord Comhairleach agus an Bord Stiúrtha a chomhordú.



### P02 - CUMARSAID

STIURTHÓIR: EUROHEALTHNET

Freagrach as scaipeadh tograí aschuir JA-CHRODIS (m.sh.suíomh idirlín, nuachtlitrí, ábhar margálachta) leis an gcuspoir na spríochobail agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas agus iad a spreagadh le bheith gníomhach sa gníomhaíocht Chompháirtíoch.



### P03 - MEASÚNÚ

STIURTHÓIR: AQUAS, COMHSTIURTHÓIR: APDP

Freagrach as measnú a dhéanamh ar obair feidhmiú mar a haontaíodh agus go bhfuiltear á JA-CHRODIS chun a chinntiú go bhfuiltear ag baint a spríocanna amach.

## BÍ PÁIRTEACH

Ar suíomh idirlín: [www.chrodids.eu](http://www.chrodids.eu)  
Déan teagmháil leis an bhfoireann Chomhordaithe: [info@chrodids.eu](mailto:info@chrodids.eu)  
Lean muid ar Twitter: [EU\\_CHRODIS](https://twitter.com/EU_CHRODIS)  
It's mairbh liom' ar Facebook: [EU\\_Chrodids](https://www.facebook.com/EU_Chrodids)

## COMHPHÁIRTITHE

1. Institiúid Sláinte Carlos III, ISCIII, Comhordaitheoir, An Spáinn
2. Foras um Chomhoibriú Idirnáisiúnta, Sláinte agus Beartais Shóisialta, FCSAI, An Spáinn
3. EuroHealthNet, EHNNet, An Bhruiséil
4. Cumann Bainistíochta Sláinte na hEorpa, EHMA, Baile Átha Cliath
5. Institiúid na nEolaíochtaí Sláinte in Aragon, IACS, An Spáinn
6. Ionad Feidearálach an Oideachais Sláinte, BZGA, An Ghearmáin
7. Gníomhaireacht Leigheasra na hIodáil, AIFA, An Iodáil
8. Institiúid Náisiúnta Sláinte, ISS, An Iodáil
9. Ollscoil Theicneolaíochta Dresden, TUD, An Ghearmáin
10. Ospidéal Ollscoil Vinius, Santariskiú Klínice, VULSK, An Liotuáin
11. Institiúid Náisiúnta Sláinte Poiblí, NIZ, Poblacht na Slóivéine
12. Ionad Náisiúnta Sláinte Poiblí agus Ainliise, NCPHA, An Bruilgáir
13. An tInstitiúid Náisiúnta Sláinte agus Leasa, THL, An Fhionlainn
14. Ollscoil Heinrich Heine Düsseldorf, HHU, An Ghearmáin
15. An tAireacht Sláinte, MINSAL, An Iodáil
16. Iú Udarás Reiligiúnach Sláinte Attica, YPE, An Ghréig
17. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, HSE, Éire
18. Institiúid Sláinte Poiblí, IPH, Éire
19. Institiúid na hIstíre um Thaighde na Seirbhíse Sláinte, NIVEL, An Ísiltír
20. Aitheacht na Seirbhíse Sláinte agus Cúraim, HOD, An Iorua
21. An Aird-Stiúthóireacht Sláinte, DGS, An Phortaingéil
22. Institiúid Náisiúnta Sláinte Doutor Ricardo Jorge, IP, INSA, An Phortaingéil
23. Fóram Eorpach na nOthar, EPF, An Bhruiséil
24. Institiúid Náisiúnta d'Fhorbairt Sláinte, NIHD, Poblacht na hEastóine
25. Ionad um Oideachais Sláinte agus Cosc Galair, SMLPC, An Liotuáin
26. Stiúrtóireacht Sláinte, DOHI, An Iosláin
27. Institiúid Eorpach um Shláinte na mBan, EIWH, Baile Átha Cliath
28. Institiúid Náisiúnta um Shláinte Poiblí agus an Comhshaoil, RIVM, An Ísiltír
29. Udarais Reiligiúnach agus Áitiúla Sláinte, EUREGHA, An Bhruiséil
30. Aireacht Sláinte, Seirbhís Sóisialta agus Comhionannas na Spáinne, MSSSI, An Spáinn
31. Aireacht Reiligiúnach Sláinte na hIodáil, CSBSJA, An Spáinn
32. Foras um Dhíul Chinn Cinn agus Sláinte, FPS, An Spáinn
33. Foras Taighde agus Nuálaíocht Sláinte na mBasach, BIOEF, An Spáinn
34. Seirbhís Sláinte na Gailíse, SERGAS, An Spáinn
35. Foras um Oideachas agus Taighde Sláinte Murcia, FFS, An Spáinn
36. Foras um Thaighde agus Forbartha Aragon, ARALD, An Spáinn
37. Ollscoil Zaragoza, UNIZAR, An Spáinn
38. Gníomhaireacht um Chailíocht agus Measúin Sláinte don Chataíocht, AQUAS, An Spáinn
39. Cumann Diaibéitís na Portaingéile, APDP, An Phortaingéil



GNÍOMHAÍOCHT CHOMHPHÁIRTÉACH I LEITH GHALAIR AINSEALACHA AGUS COTHÚ AOSÚ FOLLAIN I RITH SAOLRE AN DUINE



Tháinig an t-*dbhar* don leabhrán seo ón nGníomhaíocht Chompháirtíoch I leith Ghalar Ainsealach agus Cothú Aósú Follain i rith Saolre an Duine (JA-CHRODIS) atá maoinithe ag an Aontas Eorpach, mar chuid den Chlár Sláinte (2008-2013).

# CÉN FÁTH GUR GÁ DÚINN OIBRIÚ I GCOMHPHÁIRTÍOCHT?

Goilleann galair ainsealacha, ar nós diaibéiteas agus galair chardashoithíocha ar ochtar as gach deichniúr os cionn 65 bliain d'aois san Eoraip. Caitear idir 70% agus 80% de bhuiséad an chúraim sláinte ar fud an Aontais Eorpaigh ar chóireáil do ghalair ainsealacha. Tá cuimse eolais ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh maidir le bealaí éifeachtúla agus éifeachtacha chun galair ainsealacha a chosc agus a bhainistiú.

Tá sé mar aidhm ag an nGníomhaíocht Chomhpháirteach (2014-2017) i Leith Ghalair Ainsealacha agus Cothú Aósú Folláin i rith Saolré an Duine, (JA-CHRODIS) an chuid is fearr den eolas seo a aimsiú agus a chur ar fáil ar fud na hEorpa.

## CÉARD BA MHIAN LINN A BHAINT AMACH?

Is é an cuspóir ginearálta ná **malartú agus aistriú dea-chleachtais**, i ndáil le galair ainsealacha idir tíortha agus réigiúin na hEorpa, a chothú agus

a éascú. Díríonn na dea-chleachtais seo ar ghalair ainsealacha, le fócas faoi leith ar chothú sláinte agus ar ghalair ainsealacha, ilghalracht agus diaibéiteas Chineál 2 a chosc, sa chéad áit.

Tiocfaidh moltaí ón nGníomhaíocht Chomhpháirteach CHRODIS a bheidh bunaithe ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil chun galair ainsealacha a chosc, a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus cóireáil a aimsiú do na galair seo, i rith saolré an duine. Beidh an t-eolas seo ar fáil do lucht déanta beartas, gairmithe agus bainisteoirí cúram sláinte, an pobal uile agus páirtithe leasmhara eile.

Tá sé mar aidhm ag JA-CHRODIS ionchur láidir a bheith acu chun ualach na ngalar ainsealach a laghdú agus maireachtaíl fholláin agus aósú gníomhach a chothú san Eoraip. Comhoibreofar go dlúth leis an gComhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir leis an Aósú Gníomhach agus Folláin (EIP-AHA) agus le páirtithe eile atá gníomhach sa réimse seo. Go príomha soláthróidh JA-CHRODIS an Clár um Mhalartú Faisnéise (PKE) mar uirlis inbhuanaithe dóibh siúd atá ag iarraidh na bealaí is fearr a aimsiú agus a mhalartú chun na haidhmeanna seo a bhaint amach. Déanfaidh Bord Stiúrtha JA-CHRODIS, ar a bhfuil ionadaithe ainmnithe ó aireachtaí sláinte na mBallstát, tréaniarracht chun galair ainsealacha a choinneáil ag fíorthosach an chláir oibre pholaitiúil, fiú i ndiaidh chomhchistiú trí bliana an AE a bheith críochnaithe.



### PO4 - CLÁR UM MHALARTÚ FAISNÉISE

STIÚRTHÓIR: IACS

Cuirfidh an pacáiste oibre seo Clár um Mhalartú Faisnéise le chéile chun cur ar chumas lucht déanta beartas, cúramóirí, othair agus taighdeoirí an fhaisnéis is fearr maidir le haosú folláin agus cúram do ghalair ainsealacha a aimsiú agus a mhalartú. Beidh na gnéithe seo a leanas san áireamh sa chlár:

- **Teach Imréitigh** de na dea-cheachtais maidir le beartas agus cosc ghalair ainsealacha ar fud na hEorpa;
- **Uirlis ar líne** chun go mbeadh ar chumas úsáideoirí **cleachtais, idirghabhálacha agus beartais a mheas**;
- **Deasc Chabhrach ar líne** le saineolaithe comhairleacha ar fáil chun comhairle a thabhairt d'úsáideoirí maidir le forbairt, feidhmiú agus measúnú na gcleachtais um ghalair ainsealacha.

Beidh an pacáiste oibre seo ag tacú le pacáistí oibre téamacha eile sa phróiseas a bhaineann le critéir measúnachta dea-chleachtais a aithint trí úsáid a bhaint as modheolaíocht mhodhnaithe Delphi ina mbeidh príomhshaineolaithe páirteach i ngach aon réimse sonrath.



### PO5 - COTHÚ SLÁINTE

STIÚRTHÓIR: BZGA, COMHSTIÚRTHÓIR: EUROHEALTHNET

Tá sé d'aidhm ag pacáiste oibre 5 beartais nuálacha, den scoth agus éifeachtúil ó thaobh costais de a aimsiú maraon le hidirghabhálacha cothaithe sláinte chun galair chardashoithíocha agus diaibéiteas Chineál 2 a chosc. Díríonn an obair ar shlí mhaireachtaála agus iompair atá bainteach le sláinte maraon le toscaí shocheacnamaíocha sláinte agus beidh sé mar chuspóir na beartais agus idirghabhálacha a dhearbhu agus a aistriú. Cuirfear béim faoi leith ar fhreastal ar riachtanais na ndaoine scothaosta agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta.

### PO6 - ILGHALRACHT

STIÚRTHÓIR: AIFA, COMHSTIÚRTHÓIR: VULSK

Tá sé d'aidhm ag pacáiste oibre 6 athbhreithniú a dhéanamh ar chláir um chúram chuimsitheach ina mbeidh an t-othar lárnach. Déanfaidh sé riachtanais shonracha maidir le córais chúram sláinte na dtíortha atá páirteach sa phacáiste a aithint agus tabharfar comhairle faoi na samhail chúraim is fearr atá ar fáil d'othair atá ag fulaingt le hilghalair. Cuirfear san áireamh na torthaí, éifeachtúlacht maidir le costas, infheidhmeacht agus cumas inaistritheachta na samhail seo.



### PO7 - DIAIBÉITEAS

STIÚRTHÓIR: ISS, COMHSTIÚRTHÓIR: NIJZ

Tá sé mar phríomhaidhm ag pacáiste oibre 7 comhordú agus comhoibriú a fheabhsú i measc tíortha chun go rachaidís i ngleic le diaibéiteas, maraon le dea-chleachtais a mhalartú, ar fud an AE, agus ullmhúchán a dhéanamh do chur chuige nuálach chun ualach na ngalar ainsealach a laghdú.

Díríonn an pacáiste oibre ar na daoine atá i mbaol go mór a aithint, diagnóis luath a dhéanamh agus cúram chuimsitheach ilfhachtóiríúil a chur ar fáil. Cuirtear béim faoi leith ar thacaíocht a thabhairt do pheannanna náisiúnta diaibéitis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

